# Tuairisc Bhliantúil

# Baile Buadáin le Gaeilge

2024

gaeilge@ballyboden.ie

# Baile Buadáin le Gaeilge

Tuairisc Bhliantúil 2024 le Laura Burns


# Tá borradh faoin nGaeilge sa chlub faoi láthair agus í ag dul ó neart go neart.

## Mí Eanáir

Cuireadh tús bríomhar le himeachtaí Gaeilge i Mí Eanáir. Ghlac foireann ó BBNÉ páirt i dTráth na gCeist Laighean a bhí á reachtáil sa chlubtheach. Eagraíodh oíche eolais sa halla dóibh siúd a bhí ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Bhí slua an-mhór i láthair agus cuireadh eolas ar fáil maidir le suíomhanna gréasáin, leabhair, ranganna agus cúrsaí éagsúla a bheadh cabhrach chun tús a chur le foghlaim na Gaeilge nó chun cabhrú le dul chun cinn a dhéanamh.
Thosaigh an Grúpa Traid iontach ag bailiú le céile arís gach Déardaoin, cuireadh alt sa nuachtlitir go seachtainiúil, teachtaireacht laethúil sa ghrúpa Whatsapp agus tháinig Meitheal na bhFuinneog le céile. Leanadh leis na himeachtaí sin ar feadh na bliana. Tá fáilte i gcónaí roimh an nGaeilge sa bhéar agus foireann réidh le d'ordú a thógáil trí Ghaeilge.

Bhí an-éileamh ar t-léinte BBNÉ le Gaeilge agus bhí siad le feiceáil ar fud na cathrach agus, mar a lean an bhliain ar aghaidh, ar fud na cruinne!








Oíche Eolais dóibh siúd ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim
11 Eanáir




Meitheal na bhFuinneog Gach 6 seachtaine

## Mí Feabhra

I Mí Feabhra eagraíodh léacht thar a bheith suimiúil sa halla. Tháinig John G. O'Dwyer go dtí an club agus labhair sé go dátheangach faoin a leabhar ar chosáin oilithrigh na tíre. Bhí an-suim ar shiúlóirí an chlub sa léacht agus bhí slua iontach i láthair.

Tugadh sliotar le 'Baile Buadáin le Gaeilge' do na foirne sinsearacha sa chlub.





## Mí an Mhárta

Cuireadh liosta mór imeachtaí le céile do Sheachtain na Gaeilge i mbliana. I measc na n-imeachtaí bhí léacht dhátheangach le Alan Kinsella, ciorcal cómhrá, biongó, rith páirce trí Ghaeilge agus bricfeasta sa chlubtheach ina dhiaidh, imeachtaí do pháistí, bosca leabhair do pháistí ar fáil sa chlub, comórtas púil as Gaeilge, agus imirt cártaí.






## Bratach Náisiúnta Nua





Ardaíodh bratach náisiúnta nua taobh amuigh den chlub. Bhí ceardlann ar siúl ina raibh seans ag páistí triail a bhaint as uirlisí ceoil agus bhí ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós le hAntaine Ó Faracháin. Chan 'As Béal a Chéile', an cór lán-Ghaelach, sa chlubtheach agus bhí ceolchoirm iontach le Keane Connolly McGorman sa bhéar d'Fhéile Naomh Pádraig BBNÉ.

Eagraíodh bréagscrúdaithe le haghaidh lucht na hArdteiste arís. Is mór an chabhair é sin do na mic léinn.

Ghlac ceoltóirí ó BBNÉ páirt i gcomórtas Scór i Mí an Mhárta chomh maith.



## Mí Aibreáin

Ag taisteal a bhí an meitheal oibre i Mí Aibreáin. Ar dtús iad le feiceáil ar an gCamino agus ansin san iarthar ar Inis Oírr. Chaith grúpa ó BBNÉ le Gaeilge deireadh seachtaine den chéad scoth ar an oileán agus Ciarán agus Ger mar threoraithe acu.







## Mí Bealtaine – Mí Lúnasa

I rith an tsamhraidh leanadh le fógraí a chur suas trí Ghaeilge ar X agus ar na meáin shóisialta. Ainmníodh Julie Vaughan mar ambasadóir na Gaeilge. Bhí an cathaoirleach ar a laethanta saoire agus mar sin thógamar go léir sos!

D'éirigh go han-mhaith leis an gcampa samhraidh arís i mbliana. Bhí an-éileamh ar spásanna ar an gcampa, rud a léiríonn go bhfuil pobal mór Gaeilge sa cheantar. Eagraíodh turas iontach go dtí Explorium agus turas go Páirc agus Músaem Naomh Éanna chomh maith. Bhain na páistí an-sult as an tseachtain.


Chuir Mallaidh Uí Fhaircheallaigh fuaimriain ar fáil le frásaí úsáideacha do chóitseálaithe. Moltar do chóitseálaithe triail a bhaint as frása nó dhó a chur le gach seisiún.









Baile Buadáin le Gaeilge i gCearnóg Naomh Peadar, an Róimh.

## Mí Mheán Fómhair

Bhí Ceolchoirm Éanna ar siúl sa chlub Dé hAoine 20 Meán Fómhair mar chuid d'Oíche Chultúir. Bhí clár álainn curtha le chéile ag Sarah Jane Woods agus rinne Marcella Uí Fhairchealláigh sárjab mar is gnáth mar MC.

Thosaigh an cheolchoirm le Ceoltóirí an Tí. Ina dhiaidh sin, chas Molly Conway agus Mark Hayes, Mary Breathnach agus an Cór lán-Ghaelach, As Béal a Chéile, roinnt amhrán dúinn. Sheinn grúpa éagsúla ó Chraobh Naithí agus chas Owen McLoughlin amhrán chomh maith.

Bhain an slua mór a bhí i láthair an sult as an gceolchoirm agus tháinig an slua, na ceoltóirí agus na hamhránaithe le chéile chun críoch a chur leis an gceolchoirm le hamhrán an Chlub 'Oró Sé do Bheatha Bhaile'



## Mí Dheireadh Fómhair

Ghuigh BBNÉ le Gaeilge gach rath ar Chormac Ó hAodha agus é ag eagrú Tradathon ar son Chumann Ailse na hÉireann. Bhí baill ó Bhaile Buadáin le feiceáil ar an stáitse i rith an lae.

Bronnadh Fáinne ar bhaill an chlub nuair a bhailigh an meitheal oibre le céile le haghaidh cruinniú.

Bhí a lán ar siúl ag an gcoiste agus iad ag obair chun Bonn Óir Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha a bhaint amach.

Tháinig moltóirí ó Ghlór na nGael go dtí an club chun an coiste a chur faoi agallamh. Bhí orthu fanacht go Mí na Nollag chun an toradh a fháil amach!

**Ainmníodh Paddy Dunleavy mar Ambasadóir na Gaeilge**







## Mí na Samhna

Bhí an-áthas orainn go raibh grúpa ó Bhaile Bhuadáin Naomh Éanna páirteach i gcomórtas na nGrúpaí Ceoil Scór na nÓg 2024.

Bhí 5 fhoireann sa chomórtas seo: Clanna Gael, Na Fianna, O'Dwyers agus Scoil Uí Chonaill agus Baile Buadáin Naomh Éanna.

Sa deireadh thiar bhí an bua ag Baile Buadáin.

Lean siad ar aghaidh go Leathchraobh Laighean i gCo Loch Garman. Níor éirigh leo dul ar aghaidh níos faide ná sin ach tá an club thar a bheith bródúil astu.



D'éirigh go hiontach le Ceolchoirm Boden a bhí ar siúl ar an 16 Samhain. Bhí an halla plódaithe agus bailíodh €1310 ar son na hospíse.

Declan O'Brien a bhí mar MC agus chuir sé na ceoltóirí iontacha i láthair agus chan sé cúpla amhrán dá chuid féin chomh maith. I measc na ceoltóirí bhí Kill Singers, As Béal a Chéile, Cathy O'Neill, Caitríona Cosgrave, Therese Coogan agus Sharon Moloney, agus The Dublin Quartet - Tony Byrne, Kevin Conneff, Paul Kelly, Joe McMahon.

Chan an slua Óró Sé Do Bheatha Bhaile faoi stiúir Joe Johnson.














Bhí aoi thar a bheith speisialta linn sa chlub i mbliana chun Gradaim na Gaeilge 2024 a bhronnadh. Is oíche mhór í sin i bhféilire an choiste agus nil aoi níos mó ná Uachtarán CLG, Jarlath Burns!





Chuir an MC Marcella Nic Niallaigh tús leis an oíche.

Mhínigh Seán de Paor ó Ghlór na nGael an obair atá ar siúl sna clubanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

Thug Seosamh Ó Coinne ardmholadh don chlub as an gcampa Samhraidh.

Rinne Donagh óráid iontach mar chathaoirleach agus chan Jarlath an Poc ar Buile!

Chan Molly agus a col ceathair, Marc Ó hAodha dhá amhrán: The Parting Glass as Gaeilge agus amhrán an chlub, Óró Sé Do Bheatha Bhaile.

Comhghairdeachas leis na buaiteoirí ar fad.





# Bonn Óir Buaite!

Chuaigh grúpa ó BBNÉ le Gaeilge go Páirc an Chrócaigh le Bonn Óir Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha a bhailiú ar son an chlub. Ní bhfuair ach ceithre chlub an bonn óir i mbliana agus is mór an gaisce é go bhfuil sé bainte amach ag BBNÉ.

Is toradh é sin ar an obair atá déanta ag Séamie Ó Néill, Oifigeach na Gaeilge, agus ag an gcoiste chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa chlub.

Anois, tá an Ghaeilge ina cuid lárnach de shaol an chlub agus í le feiceáil agus le cloisteáil go laethúil. Tá cultúr na Gaeilge chun cinn agus is Gaeltacht bheag í BBNÉ anois.







## Mí na Nollag

Chríochnaigh imeachtaí na bliana le píosa comhrá agus spraoi sa seomra ranga nua i Sancta Maria agus chan 'As Béal a Chéile' carúil na Nollag sa chlubtheach.

Bhí bliain thar a bheith gníomhach ag BBNÉ le Gaeilge. Táimid ag súil go leanann an borradh atá faoin teanga anois. Coimeád súil amach d'imeachtaí nua san athbhliain.



Baile Buadáin · Naomh Éanna ·

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

Glór na nGael

GAA